

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2026
(OR. en)

5626/26

FREMP 21
JAI 90
AG 11
POLGEN 17
DISINFO 6
HYBRID 9
AUDIO 9
EDUC 18
JEUN 12
CULT 6
COMPET 78
SOC 32
COHOM 22
ANTIDISCRIM 5

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Eanáir 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 12 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Aontas Comhionannais: Straitéis Frithchinfóchais 2026-2030

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 12 final.

Faoi iamh: COM(2026) 12 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 20.1.2026
COM(2026) 12 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Aontas Comhionannais: Straitéis Frithchiníochais 2026-2030

RÉAMHRÁ

Seasann an tAontas Eorpach don aontacht, don daonlathas agus don urraim do chearta an duine. Tá éagsúlacht na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas ar cheann de na láidreachtaí is mó a bhaineann leis an Aontas, mar a aithnítear sna conarthaí bunaidh. Is [Aontas Comhionannais](#) é an tAontas ‘atá fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad’¹. Tugann bunús dhlíchoras an Aontais le tuiscint go bhfuil **timpeallacht ann atá saor ón gciníochas, áit ar féidir le gach duine a bheith rathúil agus cur le rathúnas a sochaithe**. Tráth a chaitear amhras ar na luachanna sin, seasann an tAontas lena mhuintir, lena gcearta agus lena saoirsí, agus níl aon ghlacadh san Aontas le ciníochas ná idirdhealú de chineál ar bith ar fhoras tionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

In 2020, ghlac an Coimisiún [plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025](#), rud a léiríonn céim nua uaillmhianach in iarracht an Aontais an ciníochas a chomhrac go cuimsitheach. Ba thionscnamh ceannródaíoch é an plean gníomhaíochta a chuidigh le gach duine san Aontas a chosaint ar chiníochas agus ar idirdhealú ciníoch. Sa phlean moladh go leor beart frithchiníochais atá le cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear tionscnaimh reachtacha chun cosaint ar idirdhealú ciníoch² a neartú agus tacaíocht mhéadaithe d’eagraíochtaí frithchiníochais na sochaí sibhialta (ESSanna), tríd an gclár um [Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna \(SCCL\)](#).

Thairis sin, lean an Coimisiún de chreat láidir frithchiníochais a thógáil trí chomhpháirtíochtaí le contrapháirtithe a neartú, tríd an gcéad [Chomhordaitheoir de chuid an Choimisiúin a cheapadh maidir leis an gciníochas a chomhrac](#), agus trí idirphlé a bhunú le ESSanna agus le saineolaithe ó na Ballstáit. Mar thoradh ar an bplean gníomhaíochta, **ghlac 14 Bhallstát pleananna gníomhaíochta náisiúnta nó réigiúnacha neamhspleácha in aghaidh an chiníochais**. Mar a cuireadh i dtábhacht sa [Tuarascáil ar chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas](#), tá dul chun cinn mór déanta ó glacadh an plean, go háirithe maidir le haghaidh a thabhairt ar chiníochas struchtúrach, cur chuige trasnach a ghlacadh maidir le ceapadh beartas lena gcomhtháthaítear cineálacha difriúla idirdhealaithe, agus trí bhreithnithe frithchiníochais a thabhairt isteach i roinnt réimsí beartais, mar shampla i mbeartais oideachais, fostaíochta agus sláinte.

Chuidigh plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025 leis an gciníochas a chur i gcróilár na ndíospóireachtaí poiblí maidir le hiolrachas, comhionannas agus neamh-idirdhealú agus cothaíodh feasacht níos fearr ar bhagairt an chiníochais ar luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 den [Chonradh ar an Aontas Eorpach \(CAE\)](#). Mar sin féin, ós rud é go measann **beagnach beirt as gach triúr Eorpach fós go bhfuil idirdhealú ciníoch forleathan ina dtír san Aontas in 2023** (61 % bunaithe ar dhath an chraicinn, méadú 2 phointe céatadáin ó 2019, agus 65 % bunaithe ar bheith ina Romach, méadú 4 phointe céatadáin)³ is gá níos mó a dhéanamh.

Ag tógáil ar an méid a baineadh amach roimhe seo agus ag aithint na hoibre atá fós le déanamh, d’fhógair an tUachtarán Ursula von der Leyen **Straitéis Frithchiníochais ina treoirlínte polaitiúla 2024-2029**. Is léiriú é an tionscnamh seo ar **iarraidh Pharlaimint na**

¹ [An Conradh ar an Aontas Eorpach \(CAE\), Airteagal 2](#)

² Féach: [Tuarascáil Cur Chun Feidhme ar an bplean gníomhaíochta maidir le Frithchiníochas](#) chun tuilleadh sonraí a fháil

³ [Eorabharaiméadar](#) – Idirdhealú san Aontas Eorpach 2023

hEorpa leanúint d’obair an phlean gníomhaíochta maidir le frithchiníochas tar éis 2025 trí straitéis lánfheidhme de chuid an Aontais a fhorbairt⁴. **Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an fógra maidir le Straitéis Frithchiníochais** agus chuir siad in iúl go bhfuil siad tiomanta go láidir don chiníochas agus do gach cineál fuatha a chomhrac⁵.

Freagraíonn an straitéis sin thar aon ní eile do na riachtanais atá ann **seasamh le luachanna an Aontais, Aontas an Chomhionannais a neartú**, agus a chinntiú go leanfaidh sochaithe an Aontais de bheith oscailte, iolraíoch agus cuimsitheach. Ina theannta sin, **is leas slándála⁶ agus infheistíocht straitéiseach é an ciníochas a chomhrac chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais**. De réir [staidéar a rinne ECFE](#) le déanaí, meastar go gcosnaíonn idirdhealú ciníoch nó eitneach suas le EUR 12.7 billiún ar an Aontas in OTI caillte gach bliain.

Dá bhrí sin, tá sé rithábachtach don fhás agus don chobhsaíocht leas a bhaint as acmhainneacht na ndaoine a ndéanann an ciníochas agus an t-idirdhealú ciníoch difear dóibh mar oibrithe, fiontraithe agus ceannairí. Chun geilleagair rathúla agus sochaithe comhtháite a bhaint amach go hiomlán, ní mór aghaidh a thabhairt go díreach ar dhúshlán leanúnach an chiníochais. Éilíonn an t-aistear i dtreo [fíor-Aontas an Chomhionannais](#) gníomhaíocht uailmhianach agus leanúnach chun cearta agus deiseanna comhionannais a chinntiú do chách. Tá an straitéis seo bunaithe ar an gcuspóir **ciníochas de gach cineál a chomhrac, lena n-áirítear ciníochas frith-Dhubh, frithghifógachas, frithsheimíteachas, ciníochas frith-Áiseach agus fuath frith-Mhoslamach**. Téann sí i ngleic leis an gciníochas i gcoitinne, le gníomhaíochtaí sonracha chun an t-idirdhealú a chomhrac.

I gcomhréir le straitéisí uile Aontas an Chomhionannais, tá an Straitéis Frithchiníochais bunaithe ar **chur chuige beartais trasnach chun aghaidh a thabhairt ar chastacht na neamhionannas a bhíonn roimh dhaoine aonair a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe⁷**. Tá sé ailínithe go dlúth le straitéisí comhionannais an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, chomh maith le tionscnaimh thábhachtacha eile ón gCoimisiún⁸.

Tá an straitéis sin bunaithe ar thorthaí próisis comhairliúcháin leathain⁹ agus áirítear inti bearta agus gníomhaíochtaí spriocdhírthe araon chun an frithchiníochas a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais. Go háirithe, tacaíonn sí le hobair Chomhordaitheoirí an Choimisiúin maidir leis an gciníochas a chomhrac, maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, maidir leis an bhfuath frith-Mhoslamach a chomhrac, chomh maith le hobair an Choimisiúin maidir le comhionannas, cuimsiú agus

⁴ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2022: Ceartas ciníoch, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas san Aontas (2022)0389

⁵ Féach, mar shampla [Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac](#), [Conclúid ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025](#) malartuithe ag an [gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile \(Ceartas\) - Consilium](#) agus ag an [gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí](#)

⁶ An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 67(3): Déanfaidh an tAontas a dhícheall ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac [...].

⁷ D’fhéadfadh sé go dtrasnódh idirdhealú atá bunaithe ar bhunadh ciníoch nó eitneach le hidirdhealú a bhaineann le saintréithe nó féiniúlachtaí eile, amhail gnéas, míchumas, aois, reiligiún nó creideamh, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, cúlra/stádas socheacnamaíoch, rud a d’fhágfadh go mbeadh na míbhuntáistí níos measa fós. Is minic a thrasnaíonn fuath in aghaidh na n-imirceach leis an gciníochas agus treisíonn sé é.

⁸ Lena n-áirítear maidir leis [na Romaigh](#), maidir leis an [bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú](#), maidir le [comhionannas inscne](#), maidir le [comhionannas LADTIA+](#), maidir le [cearta daoine faoi mhíchumas](#), maidir le [fuath frith-Mhoslamach a chomhrac](#), maidir le [fuath a chomhrac](#), maidir le [imeascadh agus cuimsiú](#), maidir le [cearta an linbh](#) agus maidir le [tithíocht inacmhainne, poist ardcháilíochta, frithbhochtaineacht, an tsochaí shibhialta](#).

⁹ Cloisimis uait: [Straitéis Frithchiníochais](#) Glao ar fhianaise agus Comhairliúchán poiblí. Chuathas i gcomhairle le daoine óga agus le sochaí shibhialta na hóige faoi chuimsiú próiseas Seiceála Óige an Choimisiúin.

rannpháirtíocht na Romach, maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus maidir le cionta fuatha a chomhrac. Tá an straitéis ag teacht a thuilleadh le torthaí [an Phainéil Saoránach Eorpach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac](#) ina ndearnadh moltaí arb é is aidhm dóibh fuath de gach cineál a chomhrac agus meas frithpháirteach a chothú.

CAIBIDIL I – DUL I nGLEIC LEIS AN gCINÍOCHAS STRUCHTÚRACH

An ciníochas struchtúrach a thuiscint chun dul i ngleic leis go héifeachtach

Sainmhíníonn [an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe \(ECRI\) de chuid Chomhairle na hEorpa](#) ciníochas mar ‘c[h]reideamh go dtugann foras amhail ‘cine’¹⁰, dath, teanga, reiligiún, náisiúntacht nó bunadh náisiúnta nó eitneach údar le drochmheas a bheith agat ar dhuine nó ar ghrúpa daoine, nó an nóisean go bhfuil duine nó grúpa daoine níos fearr ná a chéile. I gcás daoine a ndéanann ciníochas difear dóibh, is minic a bhíonn tionchar ag drochmheas den sórt sin agus iad ag cuardach tithíochta, ag lorg poist, ag an obair agus i gcás rochtain ar oideachas¹¹. D’fhéadfadh idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a bheith mar thoradh air.

Ciníochas a tharlaíonn ar feadh an tsaoil, carnann sé agus cruthaítear bacainní leis. Is minic a thugtar ‘ciníochas struchtúrach’ ar an gcineál leanúnach ciníochais sin. D’fhéadfadh a thionchar a bheith níos díobhálaí ná cásanna ar leith d’idirdhealú ciníoch, toisc go séantar rochtain ar chomhionannas deiseanna agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ó ghlúin go glúin¹². I staidéir ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) leagtar amach na bacainní agus a dtionchar ar shaol daoine a ndéanann ciníochas agus idirdhealú ciníoch difear dóibh¹³. Mar shampla, tá ionchas saoil na mban agus na bhfear Romach/de chuid an Lucht Siúil san Aontas 7.4 agus 8 mbliana níos giorra, faoi seach, ná ionchas saoil na mban agus na bhfear sa phobal i gcoitinne. Thairis sin, cé go bhfuil formhór na ndaoine de bhunadh Afracach san Aontas in obair ar íocaíocht (71 %), tá beagnach leath díobh (46 %) rócháilithe dá bpost. Chomh maith leis sin, tá trí oiread seans ann go mbeidh ar theaghlaigh Mhoslamacha san Aontas aghaidh a thabhairt ar ghéardhíth ábhartha (19 %) ná ar theaghlaigh sa phobal i gcoitinne (6 %). Is féidir leis an gciníochas a bheith ina thoisic mhór a chuireann leis na neamhionannais sin.

Tá aghaidh á tabhairt ag na Ballstáit air sin i gcomhthéacs a gcuid oibre ar an leibhéal náisiúnta in aghaidh an chiníochais. Sa chomhthéacs sin, **beartaíonn an Coimisiún forbairt sainmhínithe oibre ar chiníochas struchtúrach ag na Ballstáit a éascú, sa ghrúpa saineolaithe** maidir le cur chun feidhme náisiúnta phlean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais¹⁴.

I gcomhréir le [straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú](#), tá an Coimisiún agus na Ballstáit uile tiomanta do **dhul i ngleic le gach cineál frithsheimíteachais** agus cáineann siad gach cineál go cothrom. Baineann an Coimisiún agus na Ballstáit uile úsáid as an sainmhíniú ar an bhfrithsheimíteachas ón gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chuimhneachán ar an Uileloscadh (CICU)¹⁵.

I gcomhréir le [Creat Straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach](#) tá an Coimisiún agus na Ballstáit uile tiomanta do bheartais

¹⁰ Déantar tagairt do ‘bhunadh ciníoch agus eitneach’ i gcomhréir le téarmaíocht dhlíthiúil an Aontais agus téarmaíocht dhlíthiúil idirnáisiúnta. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht, áfach, leis an gcomhthuiscint go bhfuil ‘cineacha’ bunaithe go hiomlán ar smaointe atá tógtha ar bhonn sóisialta agus diúltaíonn sé do choincheap na ‘gcineacha’ bitheolaíoch.

¹¹ [FRA 2023: A bheith mar dhuine dubh san Aontas Eorpach](#)

¹² [RCFE 2025: Faireachán agus Measúnú a dhéanamh ar Thionchar na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais](#)

¹³ [FRA 2025: Cearta na Romach agus an Lucht Siúil i 13 thír Eorpacha](#), [FRA 2023: A bheith mar dhuine dubh san Aontas Eorpach](#), [FRA 2024: A bheith i do Mhoslamach san Aontas Eorpach](#)

¹⁴ Ar a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit agus breathnóirí i.e. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais i gComhairle na hEorpa, an Iorua. Is Foghrúpa é an grúpa saineolaithe sin faoin [nGrúpa Ardleibhéil um an bhfuathchoireacht agus an fhuathchaint a chomhrac](#) agus faoin [nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht](#).

¹⁵ Is féidir teacht ar shainmhíniú CICU ar an bhfrithsheimíteachas ag <https://holocaustremembrance.com/resources/working-definition-antisemitism>.

éifeachtacha a chur chun feidhme chun na spriocanna a leagtar síos maidir leis an **bhfrithghiofógachas a chomhrac** a bhaint amach, agus maidir le feabhas a chur ar chuimsiú socheacnamaíoch agus ar rannpháirtíocht na Romach.

Chun aghaidh a thabhairt ar an **bhfuath frith-Mhoslamach** san Aontas, déanfaidh an Coimisiún staidéar cuimsitheach ar an gcaoi a léirítear é sin agus molfaidh sé gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis, chomh maith le hiarrachtaí na mBallstát agus na saineolaithe a éascú chun sainmhíniú oibre ar an bhfuath frith-Mhoslamach a fhorbairt chun comhthuiscint a fheabhsú agus feasacht a mhúscailt.

Cuimhneachán, oideachas agus múscailt feasachta

Tá ról lárnach ag an gcuimhneachán maidir leis an gciníochas struchtúrach a chomhrac, daoine a bhfuil tionchar ag an gciníochas orthu a chumhachtú, agus feasacht a mhúscailt maidir le heisiámh agus steiréitíopaí. **Tacaíonn institiúidí an Aontais le hurramú laethanta comórtha** a bhaineann leis an gciníochas agus le stair na ngrúpaí a mbíonn tionchar ag an gciníochas agus ag an idirdhealú ciníoch orthu¹⁶. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do thionscadail lena bhfiosraítear oidhreacht stair dhomhanda na hEorpa, lena n-áirítear oidhreacht an choilíneachais agus a thionchar ar shochaithe, mar shampla faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

Tá an sclábhaíocht¹⁷, an cinédhióthú agus an tUileloscadh leabaithe i stair na hEorpa agus bíonn iarmhairtí móra acu ar shochaithe sa lá atá inniu ann, áit a bhfuil gá le hoideachas agus eolas stairiúil chun bunchúiseanna an chiníochais a thuiscint. Ag tógáil ar an obair lena dtugtar aghaidh ar an gciníochas agus ar an bhfrithsheimíteachas san oideachas, arna déanamh go comhpháirteach le UNESCO¹⁸, **seolfaidh an Coimisiún tionscadal comhpháirteach in 2026 le UNESCO chun oideachas frithchiníochais a neartú** atá ailínithe le tosaíochtaí [chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais](#), agus le [Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh](#). Is é is aidhm don tionscadal oideachas frithchiníochais a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, trí ghné oideachais na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus an fhrithsheimíteachais.

Tá ról na meán rithábhachtach chun léiriú na ndaoine a bhféadfadh tionchar a bheith ag an gciníochas orthu a mhúnlú. **Eagróidh an Coimisiún timthriall seimineár a bheidh tiomnaithe do chur i gcoinne an chiníochais sna meáin, lena n-áirítear na meáin shóisialta**, lena dtabharfar le chéile iriseoirí, ESSanna agus ionadaithe ó phobail a bhfuil tionchar ag an gciníochas orthu. Ina theannta sin, seolfaidh an Coimisiún **feachtas cumarsáide uile-Aontais maidir le hAontas an Chomhionannais** chun an pobal a spreagadh, chun an cuimsiú a chur chun cinn agus chun an t-idirdhealú a chomhrac.

Forbairt eolais agus ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise

Tá ról rithábhachtach ag an taighde acadúil maidir leis an gciníochas a chomhrac tríd an mbonn fianaise is gá a chur ar fáil le haghaidh beartais éifeachtacha frithchiníochais. Is é is aidhm do [Chlár Oibre Beartais 2025-2027 an Limistéir Eorpaigh Taighde](#) córas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a dhéanamh níos cuimsithí. Forbróidh an Coimisiún **treoirlínte**

¹⁶ E.g. [Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú](#), [Lá Eorpach chun Deireadh a Chur le Trádáil Sclábhaíthe](#), [Lá Idirnáisiúnta Cuimhneacháin i gcuimhne ar Íospartaigh an Uileloisethe](#), [Lá Cuimhneacháin Eorpach ar Uileloscadh na Romach](#).

¹⁷ Dearbhú ó Chruinniú Mullaigh AE-Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh 2023

¹⁸ [Aghaidh a thabhairt ar an bhfrithsheimíteachas tríd an oideachas](#)

maidir le cur chuige trasnach a chur chun feidhme sa bheartas taighde agus nuálaíochta chun a chinntiú go mbeidh an taighde íogair do riachtanais na ndaoine a ndéanann an ciníochas difear dóibh. Ina theannta sin, tá comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha ag obair chun straitéisí agus tionscnaimh a fhorbairt chun éagsúlacht agus cuimsiú a chothú¹⁹.

Déanfaidh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin staidéar ar ról na meán sóisialta maidir le dearchtaí daoine óga i leith na héagsúlachta eitní a fhoirmiú agus seolfaidh sé cleachtadh fadbhreathnaitheachta chun treochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a thuiscint, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfadh an ciníochas agus an t-idirdhealú ciníoch leanúint de thionchar a imirt ar an Aontas agus de fhrithbhearta éifeachtacha a fhorbairt.

Le cláir amhail [Fís Eorpach](#) leanfar de thacaíocht a thabhairt do thionscadail lena gcuirtear comhtháthú sóisialta, comhionannas agus cuimsiú chun cinn, agus go háirithe [Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie](#) dá chuid a leanfaidh d'éagsúlacht agus de chuimsiú a spreagadh laistigh den phobal taighde. An tráth céanna, **molann an Coimisiún do na Ballstáit agus d'institiúidí ardoideachais oideachas agus taighde frithchiníochais a chomhtháthú san ardoideachas**, meonta cuimsitheacha a chothú agus na scileanna a thabhairt do ghairmithe amach anseo chun ciníochas agus idirdhealú a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu ina réimsí faoi seach.

Feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhionannais

Tá sonraí comhionannais iontaofa rithabhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas agus chun breithnithe frithchiníochais a chomhtháthú go héifeachtach i mbeartais an Aontais, i mbeartais náisiúnta, i mbeartais réigiúnacha agus i mbeartais áitiúla. Tá tascfhórsa Eurostat um staidreamh comhionannais agus neamh-idirdhealaithe ag forbairt treoirilnte ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar inchomparáideacht caighdeán staidrimh agus modhanna chun sonraí a bhailiú maidir le grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe. Sa chomhthéacs sin, **moltar do na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú agus ar chomhordú sonraí comhionannais comhchuibhithe** trína n-oifigí staidrimh náisiúnta.

Cuidíonn an [foghrúpa maidir le Sonraí Comhionannais](#) de chuid [Ghrúpa Ardleibhéil an Aontais um Neamh-Idirdhealú](#) leis na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú agus ar úsáid sonraí comhionannais²⁰. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair le gníomhaireachtaí an Aontais, amhail FRA, an [Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú](#), agus an [Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne](#), chun cúnamh teicniúil a chur ar fáil maidir le bailiú sonraí comhionannais, lena n-áirítear maidir le hidirdhealú trasnach.

Ullmhóidh an Coimisiún moladh freisin chun feabhas a chur ar bhailiú, anailís agus úsáid sonraí comhionannais imdhealaithe, i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta agus aon ualach riaracháin breise á chur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh forbartha ar uirlisí chun rianú agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn chun Aontas an Chomhionannais a bhaint amach agus straitéisí comhionannais a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí shonraí maidir le hidirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch agus eitneach. Eagróidh an Coimisiún Cruinniú Comhcheime Eorpach Ardleibhéil maidir le Sonraí Comhionannais, ina dtabharfar le chéile príomhpháirtithe leasmhara chun bailiú agus úsáid sonraí comhionannais a chur chun cinn a thuilleadh, i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta.

¹⁹ Tuarascáil maidir le Torthaí agus Acmhainneacht Chlaohlaitheach Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha

²⁰ Féach [Nóta Treorach maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh cine nó eitneach](#).

Déanfaidh FRA an ceathrú [suirbhé ar inimirceigh agus ar shliocht na n-inimirceach](#) chun sonraí cuimsitheacha a bhaint amach maidir le daoine atá i mbail idirdhealú ciníoch, chomh maith le suirbhé ar staid na Romach, ag tacú leis an obair ar an straitéis agus ar [Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh](#). Chun borradh a chur faoi bhailiú sonraí, **foilseoidh an Coimisiún Eorabharaiméadar nua in 2027 maidir le hidirdhealú.**

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tionscadal comhpháirteach a chur chun feidhme le UNESCO chun oideachas frithchiníochais a neartú;
- staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar léirithe an fhuatha fhrith-Mhoslamaigh;
- feachtas cumarsáide leathan Aontas an Chomhionannais a sheoladh, ina mbeidh daoine ar fud an Aontais rannpháirteach chun cuimsiú a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac;
- treoirlínte a fhorbairt maidir le cur chuige trasnach a chur chun feidhme sa bheartas taighde agus nuálaíochta, agus é mar aidhm go mbeidh taighde íogair do riachtanais na ndaoine a ndéanann an ciníochas difear dóibh;
- moladh a ullmhú chun feabhas a chur ar bhailiú, anailís agus úsáid sonraí comhionannais imdhealaithe, i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta;
- Eorabharaiméadar nua maidir leis an idirdhealú a fhoilsiú in 2027.

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le lánpháirtiú an oideachais frithchiníochais agus an taighde frithchiníochais san ardoideachas;
- feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhionannais comhchuibhithe trí oifigí staidrimh náisiúnta.

CAIBIDIL II – REACHTAÍOCHT FRITH-IDIRDHEALAITHE A FHORFHEIDHMIÚ AGUS DLÚS A CHUR LEIS AN gCOSAINT AR AN bhFUATH CINÍOCH

- *Deir níos mó ná leath de dhaoine san Aontas go bhfuil idirdhealú bunaithe ar a bheith ina Romach (65 %), ar dhath craicinn (61 %), agus ar thionscnamh eitneach (60 %)²¹ forleathan.*
- *Deir 96 % de Ghiúdaigh go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar an bhfrithsheimíteachas le bliain anuas agus measann 80 % díobh go bhfuil sé ag dul in olcas le blianta beaga anuas²².*
- *Bíonn ar bheagnach leath de dhaoine de bhunadh Afracach san Aontas dul i ngleic leis an gciníochas ina saol laethúil²³.*

D'fhéadfadh idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a bheith mar thoradh ar chiníochas. Cumhdaítear cosaint ar idirdhealú ciníoch nó eitneach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i ndlí frith-idirdhealaithe an Aontais. Toirmisctear, leis an [Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch](#), 'idirdhealú bunaithe ar bhunadh ciníoch nó eitneach', a tharlaíonn

²¹ Eorabharaiméadar 2023: Idirdhealú san Aontas Eorpach

²² FRA 2024: Taithí agus Dearthaí Daoine Giúdacha ar an bhFrithsheimíteachas

²³ FRA 2023: A bheith mar dhuine dubh san Aontas Eorpach

nuair a chaitear le daoine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, bunaithe ar a mbunadh ciníoch nó eitneach nó nuair a chuirtear faoi mhíbhuntáiste ar leith iad i gcomparáid le daoine eile. Glacadh na [Treoracha maidir le Caighdeán do Chomhlachtaí Comhionannais](#) chun na rialacha frith-idirdhealaithe sin a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Maidir le cionta coiriúla, is príomhphíosa reachtaíochta é an [Cinneadh Réime maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac](#) trí bhíthin an dlí choiriúil. Ní mór léirithe tromchúiseacha áirithe den chiníochas agus den tseineafóibe²⁴ a bheith ina gcion i dtíortha uile an Aontais agus a bheith inphionóis le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

Ba cheart go mbeadh gach duine san Aontas in ann leas iomlán agus cothrom a bhaint as a gcearta. Mar sin féin, tarlaíonn teagmhais idirdhealaithe chiníoch agus ciaptha chiníoch agus foréigin chiníoch agus is minic nach dtuairiscítear iad²⁵. **Ní mór forfheidhmiú dlíthe ábhartha an Aontais agus na gcreataí dlíthiúla náisiúnta a neartú** chun é sin a chosc. Ní mór cosaint ar fhuath ciníoch a chinntiú freisin, lena n-áirítear ar líne, trí ghníomhaíochtaí comhordaithe na mbreithiúna, na bpóilíní agus na n-ionchúisitheoirí.

Forfheidhmiú reachtaíocht frith-idirdhealaithe an Aontais a neartú

Is tosaíocht de chuid an Choimisiúin é a chinntiú go gcuirfear creat dlíthiúil láidir frith-idirdhealaithe an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach ionas go mbainfear comhionannas amach ar fud na mBallstát uile.

Léiríonn an fhianaise gur sásraí rithábachtacha iad smachtbhannaí éifeachtacha in aghaidh an idirdhealaithe²⁶ chun dul i ngleic le bacainní ar fhostaíocht, ar chosaint shóisialta, ar oideachas, agus ar sholáthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Ar an gcaoi sin, **déanfar anailís sa tuarascáil ón gCoimisiún in 2026 ar an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch ar chur i bhfeidhm sna Ballstáit** agus beidh sí mar bhonn maidir le breithniú a dhéanamh ar conas **a gcórais smachtbhannaí náisiúnta a neartú**.

Ós rud é go bhfuil an Intleacht Shaorga (IS) ina bonn eolais níos mó agus níos mó do na cinntí agus do na teoracha beartais, tá sé rithábachtach leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le claontacht chiníoch a bhuanú a mhaolú. Sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, **déanfar anailís ar chur i bhfeidhm dlíthe frith-idirdhealaithe maidir le cásanna idirdhealaithe algartamaigh**.

Leis an [Gníomh um an Intleacht Shaorga](#), cuirtear toirmeasc ar chleachtais IS áirithe atá thar a bheith díobhálach agus atá ar neamhréir le luachanna an Aontais (e.g. córais IS ionramhálacha lena ndreasaítear fuath nó foréigean i gcoinne grúpaí faoi chosaint nó córais IS lena dtuigtear tionscnamh ciníoch ó shonraí bithmhéadracha). Cuirfidh an Coimisiún treoirlínte agus uirlisí tacaíochta eile ar fáil chun an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme go héifeachtach, treoirlínte agus uirlisí a bhaineann leis na toirmisc agus na ceanglais maidir le córais IS ardriosca. Leanfaidh an Coimisiún de mhalartuithe a éascú maidir le tionchar IS ar dhaoine atá i mbaol idirdhealú ciníoch, agus tacóidh sé leis na Ballstáit dlí an Aontais a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme chun cinntí arna n-éascú ag IS a d'fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach a chosc agus a cheartú.

²⁴ Mar shampla: gríosú poiblí chun foréigin nó fuatha atá dírithe ar ghrúpa daoine nó ar bhall de ghrúpa den sórt sin a shainítear ar bhonn cine, datha, oidhreacht, reiligiúin nó creidimh, nó ar bhonn bunadh náisiúnta nó eitneach.

²⁵ Tuarascálacha FRA: [Aghaidh a thabhairt ar an gCiníochas sa Phóilíneacht](#); [A bheith i do Mhoslamach san Aontas Eorpach](#); [Taithí agus Dearthaí Daoine Giúdacha ar an bhFrithsheimíteachas](#)

²⁶ [Staidéar ar smachtbhannaí i leith idirdhealú ar fhorais chiníocha-eitneacha-reiligiúnacha](#)

Bunaítear leis na [Treoracha maidir le Caighdeán do Chomhlachtaí Comhionannais](#) caighdeáin shoiléire agus cheangailteacha chun a neamhspleáchas agus a n-éifeachtacht a ráthú. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun táscairí a bhunú maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais agus déanfaidh sé faireachán ar thrasuí éifeachtach an dá threoir sa reachtaíocht náisiúnta faoi mhí an Mheithimh 2026.

Aithnítear sa [Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac](#) go bhféadfadh baol níos airde foréigin inscnebhunaithe a bheith ann d'íospartaigh an idirdhealaithe thrasnaigh, lena n-áirítear mná a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu. Agus é ag tacú leis na Ballstáit agus iad i mbun trasuí, **tabharfaidh an Coimisiún aird ar na dúshlán atá roimh íospartaigh a ndéantar idirdhealú trasnach orthu mar gheall ar a gcúlra ciníoch nó eitneach.**

Daoine a chosaint ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint

Tá cosaint daoine ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint i gcoirílár chlár oibre an Aontais maidir le frithchiníochas. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le himeachtaí um shárú chun trasuí iomlán agus ceart an [Chinnidh Réime maidir leis an gciníochas agus an tseineafóibe a chomhrac a áirithiú](#)²⁷. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar thrasuí agus de thacaíocht a thabhairt do mhalartú dea-chleachtas sa [Ghrúpa Ardleibhéil maidir leis an bhfuathchoireacht agus an fhuathchaint a chomhrac](#). Molann an Coimisiún do na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir leis an bhfuathchoireacht, agus oiliúint a leathnú d'údarais bhreithiúnacha agus do phóilíní maidir le cionta fuatha, lena n-áirítear maidir le claontacht chiníoch.

Chun creat dlí choiriúil an Aontais i gcoinne cionta fuatha a neartú, mhol an Coimisiún [Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht leis an liosta de 'choireanna an Aontais'](#). Chuirfeadh an cinneadh sin ar chumas an Choimisiúin, sa dara céim, an creat dlíthiúil maidir le dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht a neartú. I bhfianaise na heaspa dul chun cinn, **tá tionscnamh reachtach á mheas ag an gCoimisiún bunaithe ar na réimsí coireachta atá ann cheana a chumhdaítear le [hAirteagal 83\(1\) CFAE](#) chun sainmhínte ar chionta fuatha ar líne a chomhchuihbhiú**. D'fhreagródh sé sin do mholtaí ón [bPainéal Saoránach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac](#).

Tá an Coimisiún ag cuidiú freisin le feabhas a chur ar fhreagairtí ar theagmhais fuathchoireachta agus fuathchainte, trí thacú leis na húdarais sna Ballstáit atá freagrach as spásanna poiblí a chosaint, lena n-áirítear ionaid adhartha, i gcomhréir le [straitéis slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh](#).

Léiríonn íospartaigh coireanna fuatha ciníocha easnaimh iontaoibhe, agus tá tacaíocht agus bearta cumhachtaithe ag teastáil chun dul i ngleic le tearcthuairisciú agus chun sásamh dlíthiúil a chinntiú. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar **chomhaontú polaitiúil maidir leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach**²⁸. Neartóidh sé a thuilleadh cearta íospartach, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil coireanna fuatha arb é an cine is cúis leo dírithe orthu, le tuairisciú coireachta níos éasca, measúnú níos fearr ar riachtanais íospartach, agus tacaíocht shíceolaíoch agus cosaint fhisiciúil fheabhsaithe. Ina theannta sin, glacfaidh an Coimisiún [Straitéis athbhreithnithe an Aontais maidir le Cearta Íospartach](#).

²⁷ [Cásanna maidir le sárú san Aontas Eorpach](#)

²⁸ [Cearta íospartach san Aontas Eorpach - an Coimisiún Eorpach](#), fáilte curtha ag an gCoimisiún roimh chomhaontú maidir le rialacha níos láidre de chuid an Aontais lena gcinntítear cearta íospartach

Is minic a bhíonn an baol fuatha ar líne ann do mhionlaigh chiníocha nó eitneacha chomh minic céanna. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, (GSD) ceanglaítear ar sheirbhísí digiteacha dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach agus cearta bunúsacha a chosaint trí shásraí láidre ‘fógra agus gníomhaíochta’, agus trí oibleagáidí críochnúla measúnaithe riosca agus maolaithe. Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán agus d’fhorfheidhmiú a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus, in éineacht leis an mBord um Sheirbhísí Digiteacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha, leanfaidh sé d’fhaireachán agus de thacaíocht a thabhairt go tráthrialta do chur chun feidhme an [Chóid Iompair dheonaigh maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac](#)+

Mar chuid den [Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach](#), leis na [Treoirlínte nuashonraithe do mhúinteoirí agus d’oideoirí maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus maidir leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn](#) cuirfear treoir phraiticiúil ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun caoinfhulaingt agus cuimsiú a chothú sa domhan ar líne. Leanfaidh an Coimisiún freisin d’athléimneacht na sochaí a chothú trí ghníomhaíochtaí tacaíochta litearthachta sna meáin agus trí oibriú le sínitheoirí an [Chóid Iompair maidir le Bréagaisnéis](#) chun feabhas a chur ar a chur chun feidhme agus chun leathadh na bréagaisnéise víreasá a laghdú, lena n-áirítear bréagaisnéis a bhaineann leis an gciníochas agus leis an bhfuath ar líne.

An tráth céanna, tá aghaidh á tabhairt ag an gCoimisiún ar an bhfuathchaint sa spórt, ag obair go dlúth le Comhairle na hEorpa agus ag cabhrú leis na Ballstáit tríd an modh oscailte leanúnach comhordúcháin maidir leis an gcomhrac i gcoinne na fuathchainte sa spórt faoi [Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt](#).

Claontacht chiníoch sa riarachán poiblí a chomhrac

Is é riarachán poiblí éifeachtach bunchloch an dea-rialachais, na muiníne poiblí agus an chomhtháthaithe shóisialta. Tá sé fíor-riachtanach cur i gcoinne na claontachta ciníocha i riaracháin phoiblí agus i gcórais cheartais chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas. Tacaíonn comhar idir údarais phoiblí agus pobail phoiblí le cothú muiníne agus múnlaíonn sé braistint na freagrachta comhchoitinne²⁹. **Molann an Coimisiún do na Ballstáit cláir oiliúna chuimsitheacha a chur ar fáil chun cabhrú le státseirbhísigh claontacht chiníoch a aithint agus dul i ngleic léi**, agus feasacht agus íogaireacht chultúrtha níos fearr á gcothú an tráth céanna. Leanfaidh sé de thacaíocht a chur ar fáil chun na críche sin d’údarais náisiúnta, lena n-áirítear faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

Is príomhcholún den daonlathas agus den smacht reachta é forfheidhmiú cuntasach an dlí lena n-áirítear cosaint chomhionann agus cóir chothrom do chách. Mar sin féin, léirítear le torthaí thuarascáil FRA [Aghaidh a thabhairt ar an gCiníochas sa Phóilíneacht](#) go n-áirítear leis an gciníochas sa phóilíneacht cleachtais idirdhealaitheacha próifílithe, cumarsáid mhíchuí chiníoch agus úsáid iomarcach fornirt³⁰. Leag na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo maidir leis an straitéis sin béim ar an ngá atá le cláir oiliúna chuimsitheacha d’údarais forfheidhmithe dlí agus le trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr laistigh de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí³¹. Chun tuilleadh treorach a chur ar fáil do na Ballstáit, tiomsóidh an Coimisiún coimre dea-chleachtas chun cleachtais idirdhealaitheacha próifílithe a chosc.

²⁹ Féach mar shampla: [An Lárionad Eorpach um Chosc ar Choireacht: Póilíneacht atá dírithe ar an bpobal san Aontas Eorpach](#)

³⁰ FRA — [Aghaidh a thabhairt ar an gciníochas sa phóilíneacht](#)

³¹ [Comhairliúchán Poiblí Oscailte](#): Straitéis Frithchiníochais

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú le cur chun feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, lena n-áirítear trí thuarascáil a fhoilsiú freisin ina ndíreofar ar í a fhorfheidhmiú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh;
- tacú le cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le claontachtaí ciníocha agus idirdhealú;
- machnamh a dhéanamh ar thionscnamh reachtach chun sainmhínte ar chionta fuatha ar líne a chomhchuíbhíú;
- tacú le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Cearta Íospartach, lena neartaítear cearta íospartach lena n-áirítear iad siúd a ndírítear coireanna fuatha ciníocha orthu;
- coimre dea-chleachtas a thiomsú chun cleachtais próifílithe idirdhealaitheacha a chosc.

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- reachtaíocht an Aontais maidir le cionta fuatha agus neamh-idirdhealú a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí na córais smachtbhannaí a neartú;
- dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cionta fuatha ar líne a chomhrac, lena n-áirítear iad siúd atá spreagtha ag an gciníochas;
- cláir oiliúna chuimsitheacha a thabhairt isteach chun cabhrú le státseirbhísigh claontacht chiníoch a aithint agus dul i ngleic léi;
- cleachtais phóilíneachta chothroma atá bunaithe ar fhianaise a chinntiú, agus bearta cuntasachta mar thaca leo.

CAIBIDIL III – AN COMHIONANNAS AGUS AN COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA A NEARTÚ

- *Luaigh níos mó ná triúr as gach deichniúr Eorpach dath craicinn (39 %) nó bunadh eitneach (34 %) an iarrthóra mar phríomhthois chun iarratasóirí ar phoist a chur faoi mhíbhuntáiste³².*
- *Cuirtear oideachas ar gach dara leanbh Romach/ar Duine den Lucht Siúil é (46 %) i scoil inar Romaigh/Daoine den Lucht Siúil iad na daltaí uile nó formhór na ndaltaí³³.*
